An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Naíscoil an Chaistil
# Baile an Chaistil

## Dáta na Cigireachta:  Eanáir 2008

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL AN CHAISTIL, BAILE AN CHAISTIL, CO. AONTROMA BT54 6QQ (3AB-0524)**
**DÁTA NA CIGIREACHTA: 8 EANÁIR 2008**

Sa chigireacht a rinneadh ar Naíscoil an Chaistil, Baile an Chaistil, i Mí na Samhna 2005 tugadh aird ar na nithe seo a leanas; an timpeallacht lán carthanachta agus cúnaimh; iompar comhoibritheach na bpáistí; an fhoireann ag úsáid na Gaeilge go hinniúil; iad ag idirghníomhú go héifeachtach leis na páistí uaireanta; forbairt thuiscint na bpáistí ar an Ghaeilge; caighdeán na cóiríochta; fianaise gur feabhsaíodh gnéithe den soláthar oideachais; agus dearcadh na foirne go bhfuil siad toilteanach glacadh le athruithe breise.

Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- clár oideachais réamhscoile níos dúshlánaí a sholáthar a bhfuil dul chun cinn cuí á dhéanamh ann i rith na bliana;
- forbairt a dhéanamh ar ullmhúchán na foirne i gcomhair gníomhaíochtaí agus ar na modhanna idirghníomhaíochta atá acu sa dóigh go mbeidh timpeallacht bhuanspreagthach ann le haghaidh súgartha a bhfuil cuspóir leis; agus
- modhanna breise pleanála agus measúnaithe a fhorbairt a aimseoidh riachtanais an pháiste aonair go héifeachtach agus a dhéanfaidh freastal orthu.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na athruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- tá an saineolaí oideachais luath-óige agus comhairleoir de chuid Altram i ndiaidh treoir agus tacaíocht éifeachtach a thabhairt don fhoireann ag cuidiú leo caighdeán an tsoláthair oideachais a ardú;
- tá ceannaire an ionaid i ndiaidh ceannaireacht éifeachtach a thabhairt agus í ag forbairt clár comhsheasmhach de chruinnithe foirne agus de chruinnithe leis an churaclam réamhscoile a fhorbairt;
- rinneadh athbhreithniú ar na modhanna pleanála agus measúnaithe agus ar na formáidí le taifid a choinneáil agus rinneadh cothrom le dáta iad; agus
- rinneadh athbhreithniú cuí ar an dóigh a n-úsáidtear spás san ionad réamhscolaíochta agus feabhsaíodh na háiteanna a ndéantar foghlaim iontu.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna cigireacht a lean uaithi sin ar 8 Eanáir 2008. Tá plean forbartha ag an ionad réamhscolaíochta. Rinneadh coigeartú air i bhfianaise chinntí na cigireachta.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Tá an fhoireann níos féinmhuiníní agus níos sciliúla i bpleanáil agus i bhfeidhmiú clár cothrom leathan réamhscoile ina ndéantar dul chun cinn i rith na bliana ar fad.

- Tugann na formáidí leasaithe pleanála treoir mar is cuí don fhoireann agus iad ag idirghníomhú leis na páistí uile. De bharr na pleanála tuigtear níos soiléire an ról atá ag an duine fásta agus na deiseanna foghlama atá beartaithe.

- Le linn na cigireachta bhí a lán samplaí éifeachtacha ann den dóigh ar chuir an fhoireann le cumas smaointeoireachta agus foghlama na bpáistí agus lena gcumas sa teanga agus den dóigh ar spreag siad na páistí le sult a bhaint as an obair. Spreagann an fhoireann na páistí le bheith socair agus iad i mbun súgartha a bhfuil cuspóir leis.

- Tá córas oiriúnach measúnaithe á fhorbairt agus é bunaithe ar an chur síos a dhéanann an fhoireann ar na dóigheanna a mbíonn páistí ag freagairt agus iad ag súgradh; ar thaifid na bpáistí tá comharthaí an dul chun cinn atá déanta agus déantar sin a cheangal níos soiléire leis an phleanáil.

- Tá an fhoireann an-dúthrachtach ag leanúint de bheith ag forbairt agus ag mionchoigeartú cur chuige comhghleacúil agus iad ag pleanáil agus ag cur feabhsúchán i bhfeidhm.

Ó rinneadh an chigireacht tá luacháil déanta ag an ionad réamhscolaíochta ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa bhunchigireacht.

I rith na tréimhse ó bhí an chigireachta ann chuathas i mbun cuid mhór féinmheastóireachta, rud a bhí ina chuidiú agus feabhsúcháin á ndéanamh agus an t-ionad réamhscolaíochta ag aimsiú na dtosaíochtaí go cuí le haghaidh forbartha sa todhchaí.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an fhoireann agus iad ag tabhairt faoi na réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Tá freastal maith á dhéanamh ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bpáistí. Féadfaidh na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne muinín a bheith acu as a éifeachtaí a d'fhreagair an t-ionad réamhscolaíocht do chinntí na cigireachta agus as an chumas atá ann cloí le féinfheabhsú buan.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk